Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Bealtaine 2024
(OR. en)

10084/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2024/0117(NLE)**

PECHE 191
UK 83
N 40

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Bealtaine 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 213 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 213 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 213 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.5.2024
COM(2024) 213 final

2024/0117 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta sin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Le Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle[1] socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2025 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Leasaítear leis an togra na deiseanna iascaireachta sin chun an chomhairle eolaíoch agus na forbairtí eile is déanaí a chur san áireamh. Ina theannta sin, ceartaítear leis an togra earráidí áirithe i Rialacháin (AE) 2023/194[2] agus (AE) 2024/257 ón gComhairle.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le cuspóirí agus rialacha an chomhbheartais iascaigh (CBI).

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe leis na beartais i réimse an chomhshaoil.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí atá leis an togra.

- **Coimhdeacht**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) CFAE. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Leis an togra, déantar deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[3]. De bhun Airteagail 16 agus 17 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, déanfaidh na Ballstáit cinneadh maidir leis an gcaoi a bhféadfar na deiseanna iascaireachta atá ar fáil dóibh a chionroinnt ar shoithí atá faoina mbratach i

---

[1] Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj).

[2] Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

gcomhréir le critéir áirithe maidir le cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta. Dá bhrí sin, agus na Ballstáit ag dáileadh na ngabhálacha iomlána incheadaithe cionroinnte (TACanna), bíonn an corrlach lánroghnach is gá acu i bhfeidhmiú a rogha i gcomhréir leis an tsamhail shóisialta/eacnamaíoch lena saothrófar na deiseanna iascaireachta a chumhdaítear leis an togra.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go leasaítear rialachán atá ann cheana leis an togra, rialachán is fearr a oireann mar ionstraim dhlíthiúil.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara, trí na comhairlí comhairleacha go háirithe, ar bhonn na Teachtaireachta bliantúla uaidh 'Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2024' (COM(2023) 303).

I bhfreagraí na bpáirtithe leasmhara ar an teachtaireacht bhliantúil sin, leagtar amach na tuairimí a bhí acu maidir le meastóireacht an Choimisiúin ar staid na n-acmhainní agus maidir leis an bhfreagairt iomchuí bainistíochta. Chuir an Coimisiún na freagraí sin san áireamh agus an togra á cheapadh aige.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá comhairle eolaíoch ón gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) bunaithe ar chreat arna fhorbairt ag a chuid grúpaí saineolaithe agus comhlachtaí cinnteoireachta, agus arna heisiúint i gcomhréir lena chreatchomhaontú comhpháirtíochta leis an gCoimisiún.

- **Measúnú tionchair**

Cuireann Airteagal 43(3) de CFAE teorainn le raon feidhme an togra.

Leis an togra féachtar le cur chuige gearrthéarmach a sheachaint ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht fhadtéarmach. Cuirtear san áireamh ann tionscnaimh ó na páirtithe leasmhara agus ó na comhairlí comhairleacha más rud é go ndearna ICES athbhreithniú dearfach orthu. Bhí an togra ón gCoimisiún maidir le CBI a athchóiriú bunaithe ar mheasúnú tionchair (SEC(2011) 891) inar measadh, cé gur choinníoll riachtanach é an cuspóir maidir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach chun inbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú, nach féidir na trí chuspóir sin a bhaint amach astu féin.

A mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta ERBI agus le stoic a ndéantar bainistíocht chomhpháirteach orthu le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, is éard a dhéantar leis an togra bearta a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur chun feidhme. Le linn ullmhú na caibidlíochta idirnáisiúnta ar faoina cuimsiú a dhéantar deiseanna iascaireachta an Aontais a chomhaontú le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus lena linn, déileáiltear le haon ghné atá ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na deiseanna iascaireachta.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra urramaítear cearta bunúsacha, agus go háirithe na cearta sin a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh impleachtaí buiséadacha ag na bearta atá beartaithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an togra, féachtar le Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle a leasú mar a thuairiscítear thíos.

**An t-ainseabhaí in uiscí na hIbéire**

Le Rialachán (AE) 2024/257 socraíodh go sealadach ag nialas an TAC le haghaidh ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES (uiscí na hIbéire agus na huiscí timpeall ar na hAsóir), agus uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 (lastoir de Mhaidéara agus de na hOileáin Chanáracha) den Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF) le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025, go dtí go bhfoilseoidh ICES a chomhairle eolaíoch maidir le hainseabhaithe i roinn 9a ICES (uiscí na hIbéire) le haghaidh na tréimhse sin.

Meastar go bhfoilseoidh ICES an chomhairle sin an 14 Meitheamh 2024. Go dtí go bhfoilseofar an chomhairle sin ó ICES, is le 'pm' (*pro memoria*) a mharcálfar an TAC le haghaidh ainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CECAF le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025. A luaithe a bheidh an chomhairle sin ó ICES ar fáil, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil ina molfar an TAC sin bunaithe ar an gcomhairle sin.

**An mangach i mBá na Bioscáine**

Le Rialachán (AE) 2024/257 socraíodh go sealadach ar leibhéal 500 tona an TAC le haghaidh mangach (*Pollachius pollachius*) i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES ('Bá na Bioscáine') le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2024. Socraíodh an TAC sealadach sin toisc go raibh níos mó ama ag teastáil chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar socheacnamaíoch a bhaineann leis an TAC cinntitheach a shocrú le haghaidh 2024 ar an leibhéal a mhol ICES ina chuid comhairle[4] maidir le mangaigh i bhfolimistéar 8 agus roinn 9a ICES (Bá na Bioscáine agus uiscí na hIbéire)[5], i.e. 698 dtona.

[4] https://doi.org/10.17895/ices.advice.21841014.v1

[5] Agus cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta idir na trí TAC a chumhdaítear leis an gcomhairle sin á cur san áireamh: (i) an TAC le haghaidh mangach i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES (80 %); an TAC le

D'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) measúnú a dhéanamh ar an tionchar sin. D'iarr an Coimisiún ar CETEI freisin leibhéal an TAC cinntitheach le haghaidh mangach i mBá na Bioscáine a bheadh ag teastáil chun feiniméan an 'tachtspeicis'[6] a sheachaint in iascaireacht spriocdhírithe ar shóil choiteanna (*Solea solea*) agus ghliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*) a chur in iúl. Chuir an Coimisiún tuarascáil *ad hoc* ar an gconradh ar fáil do CETEI ina raibh measúnú ar an tionchar socheacnamaíoch a bhaineann leis an TAC cinntitheach le haghaidh mangach i mBá na Bioscáine a shocrú ar an leibhéal a mhol ICES, i gcomparáid leis an TAC sin a shocrú ar leibhéil eile, chomh maith le doiciméid eile arna gcur isteach ag an bhFrainc, lena n-áirítear staidéar ó Institiúid Taighde na Fraince um Dhúshaothrú na Farraige (Ifremer)[7].

An 28 Márta 2024 d'fhoilsigh CETEI a mheasúnú[8] ar an tionchar socheacnamaíoch a bhaineann leis an TAC cinntitheach a shocrú le haghaidh 2024 ar an leibhéal a mhol ICES ina chuid chomhairle eolaíoch maidir le mangaigh. Sa mheasúnú sin, thug CETEI dá aire, *inter alia*, an méid seo a leanas.

Ar an gcéad dul síos, tháinig CETEI ar an gconclúid go bhfuil '*an staidéar* [i.e. an tuarascáil *ad hoc* ar an gconradh agus an staidéar ó Ifremer] *comhsheasmhach go foriomlán maidir le staid tachta iascaigh agus éifeachtaí socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, dá gcuirfí an laghdú 53 % ar an TAC i bhfeidhm ar an TAC le haghaidh mangach, ag glacadh leis go gcuirfear chun feidhme go hiomlán an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír agus go ndúnfar an t-iascach tar éis ídiú an TAC'*.

Ar an dara dul síos, maidir leis an staidéar ó Ifremer, tagraíonn CETEI do thoradh an staidéir '*go ngabhfaí 43 % den TAC le haghaidh Nephrops agus 50 % den TAC le haghaidh sóil choiteanna in 2024, mar thoradh ar dheireadh a chur leis an iascach tar éis an TAC le haghaidh mangach a mhol ICES a bheith ídithe. Dealraíonn sé freisin go raibh tionchar aige sin ar ghabhálacha scoirneach ... agus doingean mara, le 41 % agus 51  dá TACanna faoi seach'*. Measann CETEI freisin go léirítear sa staidéar, dá socrófaí an TAC cinntitheach le haghaidh mangach i mBá na Bioscáine ar leibhéil níos airde ná an leibhéal a mhol ICES, go mbeadh éifeacht theorantach aige sin fós ar na hiascaigh le haghaidh sóil choiteanna (*Solea solea*) agus ghliomaigh na hIorua (*Nephrops norvegicus*) agus '*gur dócha go dtachtfadh an TAC le haghaidh mangach na cabhlaigh a dhéanann iascaireacht ar shóil choiteanna agus ar Nephrops más rud é go dtiocfadh aon laghdú ar an TAC'*. Tá sé sin i gcomhréir leis na breithnithe maidir le hiascaigh mheasctha ICES[9], inar sainaithníodh gurb é an mangach an speiceas is teorantaí le haghaidh iascaigh ghrinnill i mBá na Bioscáine.

Ar an tríú dul síos, maidir leis an tuarascáil *ad hoc* ar an gconradh, déanann CETEI tagairt do thoradh an staidéir, má socraíodh an TAC cinntitheach le haghaidh mangach i mBá na Bioscáine ar an leibhéal a mhol ICES, '*go bhféadfadh an tachtadh iascaigh, a ionsamhlaítear i gcásanna ina n-úsáidtear an leibhéal imlonnaithe iarrachta íosta, a bheith an-tábhachtach. Bhí gníomhaíocht na gcabhlach sin níos déine sa chéad dá ráithe den bhliain agus, dá bhrí sin, ionsamhlaítear go dtarlóidh tachtadh iascaigh in R2 (TAC = 500 t), R3 (TAC = 698 t) nó R4, agus an inghabhálacht níos ísle a breathnaíodh in 2022 á húsáid, agus ag glacadh leis go*

---

haghaidh mangach i roinn 8c ICES (9 %); agus (iii) an TAC le haghaidh mangach i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CECAF (11 %).

6 Mar a mhínítear in aithris 8 de Rialachán (AE) 2024/257, is speiceas é an 'tachtspeiceas' a bhfuil easpa cuóta air a d'fhéadfadh stop a chur le hiascaireacht soithigh iascaireachta amháin nó níos mó fiú má tá cuóta fós acu le haghaidh speicis eile.

7 https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/d/stecf/stecf-plen-24-01-background-docs

8 https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/d/stecf/stecf_plen_24-01

9 http://doi.org/10.17895/ices.advice.24212037

*mbeidh babhtálacha ann ón Spáinn go dtí an Fhrainc.*' Tagraíonn CETEI freisin do chonclúid na tuarascála '*go mbíonn an TAC íosta bliantúil is gá chun an iarracht iomlán a ionsamhlaítear (...) a imscaradh idir 1 209 dtona ([ag glacadh leis] nach ann d'aon bhabhtáil agus go bhfuil an mheán-inghabhálacht ann) agus 824 thona ([ag glacadh leis] gurb ann do bhabhtálacha agus inghabhálacht 2022.*'

I dteannta mheasúnú CETEI, tugann an Coimisiún dá aire go meastar sa tuarascáil *ad hoc* ar an gconradh, arna hathbhreithniú ag CETEI, dá socrófaí an TAC cinntitheach le haghaidh mangach i mBá na Bioscáine ar an leibhéal a mhol ICES, go dtiocfadh laghdú EUR 48 milliún (-37 %) ar ioncam iomlán na gcabhlach Francach lena mbaineann i gcomparáid leis an meánioncam sa tréimhse ó 2020 go 2022 (ag glacadh leis an inghabhálacht is ísle, 2022). Tugann an Coimisiún dá aire freisin go léirítear sa tuarascáil *ad hoc* ar an gconradh gur ghá an TAC cinntitheach le haghaidh mangach i mBá na Bioscáine a shocrú ar leibhéal 985 thona chun iascaigh a choinneáil ag an iarracht atá ann faoi láthair go dtí deireadh 2024, agus go dtiocfadh laghdú beag 1,6 % ar an ioncam iomlán mar thoradh ar an leibhéal sin. Faoi dheireadh, tugann an Coimisiún dá aire go ndéanfadh aon laghdú ar an TAC sin difear díréireach don Fhrainc toisc go mbraitheann sé faoi láthair ar bhabhtálacha agus ar sholúbthacht ó bhliain go bliain. Dá bhrí sin, bheadh sé níos deacra na solúbthachtaí sin a úsáid.

Ar bhonn thoradh mheasúnú CETEI, na n-eilimintí breise a bhfuil achoimre orthu sa mhír roimhe seo agus a dheacra atá sé iascaireacht a dhéanamh ar na stoic uile ag an uastáirgeacht inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe i gcásanna ina ndúnfaí iascach amháin nó níos mó roimh am mar thoradh air sin, tá sé beartaithe, de bhun Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/472[10], an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an TAC cinntitheach le haghaidh mangach i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES a shocrú ar leibhéal 959 dtona. De réir na comhairle ó ICES, comhfhreagraíonn an leibhéal sin do ghabhálacha an stoic sin arna dtabhairt i dtír in 2022, i.e. an bhliain is déanaí a bhfuil sonraí ar fáil ina leith. Tríd an TAC cinntitheach a shocrú ag 959 dtona, áiritheofar nach dtiocfaidh méadú ar an mbrú iascaireachta atá ar mhangaigh faoi láthair i bhfolimistéar 8 agus roinn 9a ICES. Meastar sa chomhairle eolaíoch ó ICES[11] go bhfuil an bhásmhaireacht iascaireachta le haghaidh an stoic sin faoi bhun an leibhéil lena dtugtar an uastáirgeacht inbhuanaithe faoi láthair. Ina theannta sin, tríd an TAC cinntitheach a shocrú ar leibhéal 959 dtona, ceadófar, de réir an staidéir ó Ifremer, na TACanna le haghaidh doingin mhara (*Dicentrarchus labrax*), ghliomaigh na hIorua agus sóil choiteanna ag 56 %, 47 % agus 55 % faoi seach a iascach. Thairis sin, cé go laghdóidh an leibhéal sin ioncam iomlán na gcabhlach, agus ioncam chabhlaigh na Fraince go háirithe, beidh iascairí in ann leanúint de na TACanna le haghaidh doingin mhara Eorpacha, ghliomaigh na hIorua agus sóil choiteanna a iascach go dtí an ceathrú ráithe de 2024; agus

---

10 Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

11 Agus cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta idir na trí TAC a chumhdaítear leis an gcomhairle sin á cur san áireamh: (i) an TAC le haghaidh mangach i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES (80 %); an TAC le haghaidh mangach i roinn 8c ICES (9 %); agus (iii) an TAC le haghaidh mangach i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 CECAF (11 %).

– an íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh mangach i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES le haghaidh 2024 a mhéadú ó 30 cm go dtí 42 cm. De réir thagarmharc 2023 ICES le haghaidh an stoic sin agus na tuarascála ábhartha [12] ó mheitheal ICES, comhfhreagraíonn 42 cm don fhad ar an aibíocht le haghaidh an stoic sin. Dá réir sin, áiritheofar leis an mbeart sin go gcosnófar éisc neamhaibí ar bhonn níos leithne agus go rannchuideofar, ar an gcaoi sin, le hathbhunú bhithmhais an stoic sin, a measann comhairle eolaíoch ó ICES a bheith faoi bhun spreag-luach an innéacs bithmhaise ($I_{trigger}$) faoi láthair. Thairis sin, gan an beart sin, níor mhór leibhéal an TAC cinntitheach le haghaidh mangach i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES le haghaidh 2024 a laghdú a thuilleadh ionas gur féidir le mangaigh i bhfolimistéar 8 agus roinn 9a ICES téarnamh. Níor cheart feidhm a bheith ag an mbeart sin ach go dtí go nglacfar gníomh tarmligthe a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] agus lena leasaítear Iarscríbhinn VII, Cuid A, a ghabhann leis an Rialachán sin trí bhíthin beart teicniúil comhfhreagrach a thabhairt isteach.

Ina theannta sin, de bhun Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/472, tá sé beartaithe toirmeasc a chur ar an spriocdhíriú ar mhangaigh i ranna 8a 8b, 8d agus 8e ICES ag soithí iascaireachta a spriocdhíríonn ar dhoingin mhara Eorpacha, ar ghliomaigh na hIorua agus ar shóil choiteanna agus úsáid á baint as tráil ghrinnill[14], saighní[15], agus eangacha geolbhaigh seasta[16].

**An séacla Artach in Skagerrak-Kattegat**

Le Rialachán (AE) 2024/257 socraíodh go sealadach ag nialas an TAC le haghaidh séaclaí Artacha (*Pandalus borealis*) in uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES (Skagerrak-Kattegat) le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025, go dtí go bhfoilseoidh ICES a chomhairle eolaíoch maidir le séaclaí Artacha i ranna 3a agus 4a thoir ICES (Skagerrak-Kattegat agus an taobh thuaidh den Mhuir Thuaidh i dTrinse na hIorua).

Meastar go bhfoilseoidh ICES an chomhairle sin an 7 Meitheamh 2024. Tar éis fhoilsiú na comhairle sin ó ICES, reáchtálfaidh an tAontas comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Iorua maidir leis na nithe seo a leanas: (i) leibhéal na ndeiseanna foriomlána iascaireachta le haghaidh an stoic sin le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025; (ii) leibhéal an TAC le haghaidh séaclaí Artacha i roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse sin; agus (iii) malartuithe breise ón Iorua chuig an Aontas maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh séaclaí Artacha in uiscí na hIorua laisteas de 62°T le haghaidh 2024, malartuithe a chomhaontaigh an tAontas agus an Iorua a mheas le linn comhairliúcháin dhéthaobhacha maidir le malartú cuótaí agus socruithe rochtana le haghaidh 2024. Go dtí go bhfaighfear toradh foirmiúil na gcomhairliúchán déthaobhach sin, tá téacs na haithrise ábhartha de

---

[12] https://doi.org/10.17895/ices.pub.23372990.v1
https://doi.org/10.17895/ices.pub.23541168.v1

[13] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

[14] Na cineálacha uile trál grinnill (OTB, OTT, PTB, TBB, TBN, TBS agus TB).

[15] Na cineálacha uile saighní (SSC, SDN, SPR, SV, SB agus SX).

[16] Na cineálacha uile eangach geolbhaigh seasta agus gaistí (GTR, GNS, GNC, FYK, FPN agus FIX).

Rialachán (AE) 2023/194[17] san áireamh idir lúibíní cearnacha, le coigeartuithe ábhartha, agus is le 'pm' (*pro memoria*) a mharcáiltear an TAC le haghaidh séaclaí Artacha in uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025. A luaithe a bheifear ar an eolas faoi thoradh foirmiúil na gcomhairliúchán déthaobhach sin, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil ina molfar an TAC sin le haghaidh na tréimhse sin ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Iorua.

**An salán sa Mhuir Thuaidh agus in Skagerrak-Kattegat**

Le Rialachán (AE) 2024/257, socraíodh go sealadach ag nialas na TACanna le haghaidh salán (*Sprattus sprattus*) agus foghabhálacha gaolmhara le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 sna huiscí seo a leanas: (i) uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i bhfolimistéar 4 agus roinn 2a ICES; agus (ii) uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES (Skagerrak-Kattegat), go dtí go bhfoilseoidh ICES a chomhairle eolaíoch maidir le saláin i bhfolimistéar 4 agus roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025.

Meastar go bhfoilseoidh ICES an chomhairle sin an 18 Aibreán 2024. Tar éis fhoilsiú na comhairle sin ó ICES, reáchtálfaidh an tAontas comhairliúcháin thríthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe agus an Iorua maidir leis na nithe seo a leanas: (i) leibhéal na ndeiseanna foriomlána iascaireachta le haghaidh an stoic sin le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025; agus (ii) leibhéal an TAC le haghaidh salán i bhfolimistéar 4 agus roinn 2a ICES agus an TAC le haghaidh salán i roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse sin. Go dtí go bhfaighfear toradh foirmiúil na gcomhairliúchán tríthaobhach sin, tá téacs na haithrise ábhartha de Rialachán (AE) 2023/194 san áireamh idir lúibíní cearnacha, le coigeartuithe ábhartha, agus na TACanna le haghaidh salán agus foghabhálacha gaolmhara le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 sna huiscí seo a leanas: (i) uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i bhfolimistéar 4 agus roinn 2a ICES; agus (ii) is le 'pm' (*pro memoria*) a mharcáiltear uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES (Skagerrak agus Kattegat). A luaithe a bheifear ar an eolas faoi thoradh foirmiúil na gcomhairliúchán tríthaobhach sin, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil lena moltar na TACanna sin le haghaidh na tréimhse sin ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe agus an Iorua.

**An salán i Muir nIocht**

Le Rialachán (AE) 2024/257 socraíodh go sealadach ag nialas an TAC le haghaidh salán agus foghabhálacha gaolmhara in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i ranna 7d agus 7e ICES (Muir nIocht) le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025, go dtí go bhfoilseoidh ICES a chomhairle eolaíoch maidir le saláin sa limistéar sin le haghaidh na tréimhse sin.

Meastar go bhfoilseoidh ICES an chomhairle sin an 18 Aibreán 2024. Tar éis fhoilsiú na comhairle sin ó ICES, reáchtálfaidh an tAontas comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe maidir le leibhéal an TAC le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30

[17] Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

Meitheamh 2025, de bhun Airteagail 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[18] ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'). Go dtí go bhfaighfear toradh foirmiúil na gcomhairliúchán déthaobhach sin, tá téacs na haithrise ábhartha de Rialachán (AE) 2023/194 san áireamh idir lúibíní cearnacha, le coigeartuithe ábhartha, agus is le 'pm' (*pro memoria*) a mharcáiltear an TAC le haghaidh salán agus foghabhálacha gaolmhara i ranna 7d agus 7e ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025. A luaithe a bheifear ar an eolas faoi thoradh foirmiúil na gcomhairliúchán déthaobhach sin, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil ina molfar an TAC sin le haghaidh na tréimhse sin ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe.

**An phéirse mhara san Atlantach Thoir Thuaidh**

I Rialachán (AE) 2024/257 is le 'le bunú' a mharcáiltear cuóta an Aontais le haghaidh péirsí mara (*Sebastes* spp.) in uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES (an tAtlantach Thoir Thuaidh).

Chun gur féidir tús a chur leis an iascaireacht an 1 Iúil 2024, tá sé beartaithe cuóta de chuid an Aontais a shocrú le haghaidh péirsí mara in uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES le haghaidh 2024. Tá sé beartaithe an cuóta sin de chuid an Aontais a shocrú ar leibhéal 6 000 tona, i.e. ar an leibhéal céanna agus a bhí ann in 2023, go dtí go mbeidh comhairle eolaíoch ar fáil agus ionas gur féidir gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais le haghaidh an stoic in uiscí idirnáisiúnta a choinneáil ar an leibhéal stairiúil.

**ICCAT**

An 13 Márta 2024 ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/897[19] lena gcuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe áirithe i limistéar an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT).

Le Rialachán (AE) 2024/897, leasaítear, *inter alia*, Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2017/2107[20] trí fhoráil nua a chur isteach sa rialachán deireanach sin lena gcuirtear toirmeasc ar shoithí de chuid an Aontais dochar a dhéanamh do mhácónna biorshrónacha a ghabhtar san Aigéan Atlantach lastuaidh de 5°T, agus lena gceanglaítear ar shoithí de chuid an Aontais na mácónna biorshrónacha sin a scaoileadh saor san fharraige go pras, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht baill den chriú. Ina theannta sin, le hAirteagal 32 agus Airteagail 34 go 36 de Rialachán (AE) 2017/2107, cuirtear toirmeasc cheana féin ar shoithí de chuid an Aontais aon

[18] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

[19] Rialachán (AE) 2024/897 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (IO L, 2024/897, 19.3.2024 , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/897/oj).

[20] Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1).

pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna súisteála mórshúileacha (*Alopias superciliosus*), siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*), siorcanna ceann casúir den fhine *Sphyrnidae* agus síodsiorcanna (*Carcharhinus falciformis*), a ghabhtar i gcomhar le hiascaigh ICCAT, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír, agus scaoilfidh siad eiseamail gan díobháil san fharraige go pras. Chun forálacha forluiteacha maidir leis an ábhar céanna a sheachaint, is iomchuí, dá bhrí sin, Airteagal 27(1) agus (3) go (6) de Rialachán (AE) 2024/257 a scriosadh.

Le Rialachán 2024/897, leasaítear freisin, *inter alia*, Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[21] trí fhoráil nua a chur isteach sa rialachán sin lena bhféadfaidh na Ballstáit a iarraidh 5 % ar a mhéad dá gcuóta bliantúil tuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) a aistriú san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir ón mbliain roimhe sin go bliain ar leith. I gcás ina ndéanann na Ballstáit an iarraidh sin, ceanglaítear orthu plean iascaireachta bliantúil athbhreithnithe agus plean bainistíochta bliantúil athbhreithnithe maidir le hacmhainneacht iascaireachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ar bhonn na bpleananna iascaireachta bliantúla athbhreithnithe sin agus pleananna bainistíochta bliantúla athbhreithnithe maidir le hacmhainneacht iascaireachta, cuirfidh an Coimisiún plean bliantúil athbhreithnithe de chuid an Aontais faoi bhráid Rúnaíocht ICCAT lena phlé agus lena fhormheas ag ICCAT, de bhun Airteagal 11(5) de Rialachán (AE) 2023/2053. Go dtí cur isteach agus formheas féideartha an phlean bhliantúil athbhreithnithe sin de chuid an Aontais ag ICCAT, is le 'pm' (*pro memoria*) a mharcáiltear an TAC le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir le haghaidh 2024.
A luaithe a fhormheasfaidh ICCAT plean bliantúil athbhreithnithe féideartha de chuid an Aontais, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil lena molfar an TAC le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir le haghaidh 2024 a leasú.

De bhun Airteagal 15(7) de Rialachán (AE) 2023/2053, féadfaidh na Ballstáit pleananna bainistíochta feirmeoireachta athbhreithnithe le haghaidh tuinníní gorma i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Bealtaine gach bliain. Ar bhonn na bpleananna bainistíochta feirmeoireachta athbhreithnithe sin, cuirfidh an Coimisiún plean bliantúil athbhreithnithe de chuid an Aontais faoi bhráid Rúnaíocht ICCAT lena phlé agus lena fhormheas ag ICCAT. Go dtí cur isteach agus formheas féideartha an phlean bhliantúil athbhreithnithe sin de chuid an Aontais ag ICCAT, tá téacs na haithrise ábhartha de Rialachán (AE) 2023/194 san áireamh idir lúibíní cearnacha, le coigeartuithe ábhartha, agus is le 'pm' (*pro memoria*) a mharcáiltear uas-ionchur agus uas-acmhainneacht feirmeoireachta an Aontais le haghaidh 2024. A luaithe a dhéanfaidh ICCAT an plean bliantúil sin de chuid an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann a fhormheas, déanfaidh seirbhísí an Choimisiúin an togra a thabhairt cothrom le dáta trí bhíthin páipéar leathoifigiúil lena molfar uas-ionchur agus uas-acmhainneacht ábhartha na feirmeoireachta le haghaidh 2024 a leasú.

**NPFC**

Ag an gcruinniú bliantúil in 2024, rinne Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC) bearta a leasú le haghaidh ronnaigh Sheapánacha (*Scomber japonicus*) i limistéar Choinbhinsiún NPFC agus, den chéad uair, bhunaigh sé teorainneacha gabhála le haghaidh an

[21] Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107, agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1).

stoic sin atá ar fáil do Pháirtithe Conarthacha uile NPFC le haghaidh trálaer agus soithí peas-saighne faoi seach le haghaidh na tréimhse ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2025[22]. Ina theannta sin, bhunaigh NPFC méid breise den stoc sin don Aontas le haghaidh na tréimhse céanna sin. Bhunaigh sé teorainneacha iarrachta gaolmhara freisin. Thairis sin, bhunaigh NPFC bearta atá nasctha go feidhmiúil leis na teorainneacha gabhála sin agus leis an méid breise sin, agus gan na bearta sin: (i) ní fhéadfaí na teorainneacha gabhála sin a bhunú le haghaidh Pháirtithe Conarthacha uile NPFC; agus (ii) níor mhór na deiseanna iascaireachta le haghaidh ronnaigh Sheapánacha i limistéar Choinbhinsiún NPFC a laghdú chun na speicis nach spriocspeicis iad a chosaint. Tá sé beartaithe na deiseanna iascaireachta sin agus na bearta sin atá nasctha go feidhmiúil leo a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Maidir leis na teorainneacha gabhála agus an méid breise don Aontas, ós rud é nach ndearna na Ballstáit iascaireacht ar an stoc sin san am atá caite, tá sé beartaithe iad sin a chionroinnt ar leibhéal an Aontais.

**Ceartú earráidí**

In Iarscríbhinn IA, Cuid B, a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/257, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1015 ón gComhairle[23], ba cheart na hearráidí seo a leanas a cheartú:

- Tábla 103, fonóta 1: ba cheart 'MAC/*3A4BC' a chur in ionad an chóid tuairiscithe 'MAC/*3A4-BC'.
- Tábla 123, fonóta 2: Sa bhreis ar chuóta an Aontais le haghaidh éisc thionsclaíocha in uiscí na hIorua i bhfolimistéar 4 ICES, ba cheart an líon bolmán (*Trachurus* spp.) a fhéadfar a ghabháil faoin gcuóta sin de chuid an Aontais a shocrú freisin i gcomhréir le toradh na gcomhairliúchán iascaigh idir an Iorua agus an tAontas, thar ceann na Sualainne, le haghaidh 2024[24]. Ba cheart, dá bhrí sin, an méid sin a shocrú ar leibhéal 400 tona.

In Iarscríbhinn IK a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/257, ba cheart na hearráidí seo a leanas a cheartú:

- Tábla 1, fonóta 1: ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart an tagairt d'fholimistéar 51.7 FAO a scriosadh, toisc go bhfuil codanna d'fholimistéar 51.6. FAO freisin sa limistéar a leagtar amach san fhonóta sin.
- Tábla 2, fonóta 1: i gcomhréir leis an gcur chuige a leantar i dTábla 1, ba cheart an tagairt d'fholimistéar 51.7 FAO a scriosadh.
- Tábla 3, fonóta 1: i gcomhréir leis an gcur chuige a leantar i dTábla 1, ba cheart an tagairt d'fholimistéar 57.4 FAO a scriosadh. Ina theannta sin, ba cheart comhordanáidí phointí 1 agus 4 a cheartú.

---

22 CMM 2024-07.

23 Rialachán (AE) 2024/1015 ón gComhairle an 26 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 lena socraítear lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad(IO L, 2024/1015, 27.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1015/oj).

24 https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/document/download/006c234d-d1fb-4032-810c-20e897a00d6d_en?filename=2023-12-08-EU%28SE%29-NO-Agreed-Record-2024.pdf

I Rialacháin (AE) 2023/194 agus (AE) 2024/257, ba cheart na hearráidí seo a leanas a cheartú maidir le speicis atá faoi thoirmeasc:

- Airteagal 18(1), pointe (p), agus Iarscríbhinn IA, Cuid D, a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/194: I gcomhréir le moltaí 08:2024 go 10:2024 ó NEAFC[25], ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais iascaireacht ar shiorcanna domhainfharraige, roic domhainfharraige (*Rajiformes*) ná *Chimaeras* domhainfharraige ná ní dhéanfaidh siad iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír, ar siorcanna iad a liostaítear sna moltaí sin, sna huiscí seo a leanas: (i) uiscí idirnáisiúnta uile limistéar Choinbhinsiún[26] an Choimisiúin um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC) ('Limistéar Rialála' NEAFC); agus, de réir mar is iomchuí, (ii) uiscí an Aontais i limistéar Choinbhinsiún NEAFC. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na toirmisc freisin maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1, 2 agus 14 ICES. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bheith ag na toirmisc maidir leis na nithe seo a leanas freisin: (i) siorc domhainfharraige catsúileach an bhéil dhuibh (*Galeus melastomus*); (ii) an speiceas *Rajiformes* a liostaítear i moladh 10:2024 ó NEAFC; agus (iii) an speiceas Chimaeras a liostaítear i moladh 08:2024 ó NEAFC; agus
- Airteagal 18(1), pointe (p), agus Iarscríbhinn IA, Cuid D, a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/194, Airteagal 20(1), pointí (c) go (f), agus Airteagal 55(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2024/257: D'fhonn soiléireacht dhlíthiúil a áirithiú, ba cheart na toirmisc i Rialachán (AE) 2024/257 a scriosadh agus ba cheart iad a áireamh i Rialachán (AE) 2023/194.

---

25 https://www.neafc.org/system/files/Recommendation-08-2024_Deep-sea-chimaera.pdf
https://www.neafc.org/system/files/Recommendation-09-2024_Deep-sea-sharks.pdf
https://www.neafc.org/system/files/Recommendation-10-2024_Deep-sea-rays.pdf

26 Ciallaíonn 'limistéar Choinbhinsiún NEAFC' an limistéar geografach a shainítear sa Coinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh*.
* IO L 227, 12.8.1981, lch. 22. D'fhormheas an tAontas Coinbhinsiún NEAFC trí bhíthin Chinneadh 81/608/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1981 maidir leis an gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh a thabhairt i gcrích (IO L 227, 12.8.1981, lch. 21).

2024/0117 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus Rialachán (AE) 2023/194 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/257 ón gComhairle[27] socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Ba cheart na deiseanna iascaireachta sin a leasú, lena n-áirítear bearta áirithe atá nasctha go feidhmiúil leis na deiseanna iascaireachta sin, chun foilsiú na comhairle eolaíche a chur san áireamh chomh maith le torthaí an chomhairliúcháin le tríú tíortha agus torthaí chruinnithe na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna).

(2) [Tar éis don Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) a comhairle a fhoilsiú maidir le hainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i roinn 9a ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 an [X], ba cheart na gabhálacha iomlána incheadaithe (TAC) le haghaidh ainseabhaithe i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES agus in uiscí an Aontais i roinn 34.1.1 de Choiste Iascaigh an Atlantaigh Thoir Láir (CECAF) le haghaidh na tréimhse sin a shocrú i gcomhréir leis an gcomhairle sin.] *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis fhoilsiú na comhairle ó ICES.]*

(3) An 28 Márta 2024 d'fhoilsigh an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) a thuairim[28] maidir leis an tionchar socheacnamaíoch a bhaineann leis an TAC a shocrú le haghaidh mangach (*Pollachius pollachius*) i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES le haghaidh 2024 ar an leibhéal a mhol ICES[29] agus lena léirítear

---

[27] Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj).

[28] https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/d/stecf/stecf_plen_24-01

[29] https://doi.org/10.17895/ices.advice.21841014.v1

leibhéal an TAC sin is gá chun feiniméan an 'tachtspeicis' a sheachaint[30]. Dá bhrí sin, ba cheart an TAC cinntitheach le haghaidh 2024 a shocrú, lena chur in ionad an TAC sealadach a leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/257 le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meitheamh 2024. De bhun Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] ba cheart an TAC sin a shocrú ar leibhéal 959 dtona, lena gceadófar do na cabhlaigh, de réir na tuairime sin, leanúint d'fheidhmiú go dtí an ceathrú ráithe den bhliain agus an méid seo a leanas a laghdú dá réir: (i) feiniméan an 'tachtspeicis' agus dúnadh roimh am na n-iascach ábhartha; agus (ii) na tionchair shocheacnamaíocha ghaolmhara ar earnáil an iascaigh.

(4) [Ón 13 go dtí an 29 Meitheamh 2023 reáchtáil an tAontas agus an Iorua comhairliúcháin maidir leis an méid seo a leanas: (i) leibhéal na ndeiseanna foriomlána iascaireachta le haghaidh séaclaí Artacha i ranna 3a agus 4a thoir ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024; chomh maith le (ii) leibhéal an TAC le haghaidh séaclaí Artacha i roinn 3a ICES. Rinneadh toradh na gcomharliúchán sin a dhoiciméadú i dTaifead Comhaontaithe arna shíniú an 29 Meitheamh 2023. Ba cheart, dá bhrí sin, an TAC ábhartha a shocrú ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Iorua]. *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis na gcomhairliúchán idir an tAontas agus an Iorua a thabhairt i gcrích.]*

(5) [An 12 Bealtaine 2023 reáchtáil an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua comhairliúcháin maidir leis an méid seo a leanas: (i) leibhéal na ndeiseanna iascaireachta foriomlána le haghaidh salán (*Sprattus sprattus*) in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i bhfolimistéar 4 agus roinn 2a ICES le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025; agus uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES le haghaidh na tréimhse céanna chomh maith le (ii) leibhéal an TAC le haghaidh salán sna limistéir sin. Rinneadh toradh na gcomharliúchán sin a dhoiciméadú i dTaifead Comhaontaithe arna shíniú an 16 Bealtaine 2023. Maidir leis na TACanna le haghaidh salán agus foghabhálacha gaolmhara le haghaidh na tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024 sna huiscí seo a leanas: (i) uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i bhfolimistéar 4 agus i roinn 2a ICES; agus (ii) uiscí an Aontais agus uiscí na hIorua i roinn 3a ICES, ba cheart iad a shocrú ar na leibhéil a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe agus leis an Iorua.] *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis na gcomhairliúchán idir an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua a thabhairt i gcrích.]*

(6) [An 4 Bealtaine 2023 reáchtáil an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin, de bhun Airteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile[32], maidir le leibhéal an TAC le haghaidh salán i ranna 7d agus 7e ICES le haghaidh na

---

30 Is speiceas é an 'tachtspeiceas' a bhfuil easpa cuóta air agus a d'fhéadfadh stop a chur le hiascaireacht soithigh iascaireachta amháin nó níos mó fiú má tá cuóta fós acu le haghaidh speicis eile.

31 Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

32 IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

tréimhse ón 1 Iúil 2023 go dtí an 30 Meitheamh 2024. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán sin a dhoiciméadú i dTaifead i Scríbhinn arna shíniú an 1 Meitheamh 2023. Dá bhrí sin, ba cheart an TAC le haghaidh salán agus foghabhálacha gaolmhara i ranna 7d agus 7e ICES a shocrú le haghaidh na tréimhse sin ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe.] *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis na gcomhairliúchán idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe a thabhairt i gcrích.]*

(7) Chun gur féidir tús a chur leis an iascaireacht an 1 Iúil 2024, tá sé beartaithe cuóta de chuid an Aontais a shocrú le haghaidh péirsí mara (*Sebastes* spp.) in uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 2 ICES le haghaidh 2024. Ba cheart an cuóta sin de chuid an Aontais a shocrú ar leibhéal 6 000 tona, i.e. ar an leibhéal céanna agus a bhí ann in 2023, go dtí go mbeidh comhairle eolaíoch ar fáil agus ionas gur féidir gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais le haghaidh an stoic in uiscí idirnáisiúnta a choinneáil ar an leibhéal stairiúil.

(8) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2024, leasaigh Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh (NPFC) bearta le haghaidh ronnaigh Sheapánacha (*Scomber japonicus*) i limistéar Choinbhinsiún NPFC agus, den chéad uair, bhunaigh sé teorainneacha gabhála le haghaidh an stoic sin atá ar fáil do Pháirtithe Conarthacha uile NPFC le haghaidh trálaer agus soithí peas-saighne faoi seach le haghaidh na tréimhse ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2025, lena n-áirítear an tAontas. Ina theannta sin, bhunaigh NPFC méid breise den stoc sin don Aontas le haghaidh na tréimhse céanna sin. Bhunaigh sé teorainneacha iarrachta gaolmhara freisin. Thairis sin, bhunaigh NPFC bearta atá nasctha go feidhmiúil leis na teorainneacha gabhála sin agus leis an méid breise sin, agus gan na bearta sin: (i) ní fhéadfaí na teorainneacha gabhála sin a bhunú le haghaidh Pháirtithe Conarthacha uile NPFC; agus (ii) níor mhór na deiseanna iascaireachta le haghaidh ronnaigh Sheapánacha i limistéar Choinbhinsiún NPFC a laghdú chun na speicis nach spriocspeicis iad a chosaint. Tá sé beartaithe na deiseanna iascaireachta sin agus na bearta sin atá nasctha go feidhmiúil leo a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Maidir leis na teorainneacha gabhála agus an méid breise don Aontas, ós rud é nach ndearna na Ballstáit iascaireacht ar an stoc sin san am atá caite, tá sé beartaithe iad sin a chionroinnt ar leibhéal an Aontais.

(9) Le Rialachán (AE) 2024/897 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33], leasaítear, *inter alia*, Airteagal 33 de Rialachán (AE) 2017/2017[34] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[35] trí fhoráil nua a chur isteach sa rialachán deireanach sin,

---

[33] Rialachán (AE) 2024/897 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean ilbhliantúil bainistíochta don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir (IO L, 2024/897, 19.3.2024 , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/897/oj).

[34] Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1).

[35] Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, Rialachán (CE) Uimh. 1984/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1).

lena gcuirtear toirmeasc ar shoithí de chuid an Aontais dochar a dhéanamh do mhácónna biorshrónacha a ghabhtar san Aigéan Atlantach lastuaidh de 5°T, agus lena gceanglaítear ar shoithí de chuid an Aontais na mácónna biorshrónacha sin a scaoileadh san fharraige go pras, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht baill den chriú. Chun forálacha forluiteacha maidir leis an ábhar céanna a sheachaint, is iomchuí Airteagal 27(6) de Rialachán (AE) 2024/257 a scriosadh.

(10) Le hAirteagal 32 agus 34 go 36 de Rialachán (AE) 2017/2017, cuirtear toirmeasc cheana féin ar shoithí de chuid an Aontais aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna súisteála mórshúileacha (*Alopias superciliosus*), siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*), siorcanna ceann casúir den fhine *Sphyrnidae* agus síodsiorcanna (*Carcharhinus falciformis*), a ghabhtar i gcomhar le hiascaigh ICCAT, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír, agus scaoilfidh siad eiseamail gan díobháil san fharraige go pras. Chun forálacha forluiteacha maidir leis an ábhar céanna a sheachaint, is iomchuí Airteagal 27(1) agus (3) go (5) de Rialachán (AE) 2024/257 a scriosadh freisin.

(11) [De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36], chuir Ballstáit áirithe pleananna iascaireachta bliantúla athbhreithnithe agus pleananna bainistíochta bliantúla maidir le hacmhainneacht iascaireachta faoi bhráid an Choimisiúin ina n-iarrtar céatadán dá gcuóta bliantúil de thuinníní gorma (*Thunnus thynnus*) san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir a aistriú, ó 2023 go 2024. Ar bhonn na bpleananna athbhreithnithe sin, chuir an Coimisiún plean bliantúil athbhreithnithe de chuid an Aontais le haghaidh 2024 faoi bhráid Rúnaíocht ICCAT an [X] Bealtaine 2024, de bhun Airteagal 11(5) de Rialachán (AE) 2023/2053. D’fhormheas ICCAT an plean bliantúil athbhreithnithe de chuid an Aontais le haghaidh 2024 an [X]. Dá bhrí sin, ba cheart an TAC le haghaidh tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir le haghaidh 2024 a leasú i gcomhréir leis an bplean bliantúil athbhreithnithe sin de chuid an Aontais.] *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis do ICCAT plean bliantúil athbhreithnithe féideartha de chuid an Aontais a fhormheas.]*

(12) [Chuir cúig Bhallstát modhnuithe ar a bpleananna bainistíochta feirmeoireachta le haghaidh tuinníní gorma faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagal 15(7) de Rialachán (AE) 2023/2053. Ar bhonn na bpleananna athbhreithnithe sin, chuir an Coimisiún plean bliantúil athbhreithnithe de chuid an Aontais le haghaidh 2023 faoi bhráid Rúnaíocht ICCAT an 9 Bealtaine 2023. D’fhormheas ICCAT an plean bliantúil athbhreithnithe de chuid an Aontais le haghaidh 2023 an 11 Bealtaine 2023. Dá bhrí sin, ba cheart uas-ionchur agus uas-acmhainneacht feirmeoireachta an Aontais a leasú i gcomhréir leis an bplean bliantúil athbhreithnithe sin de chuid an Aontais.] *[Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis do ICCAT plean bliantúil athbhreithnithe féideartha de chuid an Aontais a fhormheas.]*

(13) Tá earráidí áirithe in Airteagal 20(1) agus i dtáblaí TAC áirithe in Iarscríbhinn IA, Codanna B agus IK, a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/257, agus in Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2023/194[37] ón gComhairle agus Iarscríbhinn IA, Cuid D, a

[36] Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1)

[37] Rialachán (AE) 2023/194 ón gComhairle an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás

ghabhann leis a mhéid a bhaineann le leibhéil na ndeiseanna iascaireachta, speicis, limistéir cur i bhfeidhm agus cóid tuairiscithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, na forálacha sin a cheartú dá réir sin.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialacháin (AE) 2023/194 agus (AE) 2024/257 a leasú agus a cheartú dá réir sin.

(15) Forálacha áirithe den Rialachán seo lena gceartaítear forálacha de chuid Rialachán (AE) 2024/357 a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe i limistéar SIOFA, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Nollaig 2023, i gcomhréir le tréimhse chur i bhfeidhm na bhforálacha leasaithe. I dteannta fhorálacha an Rialacháin seo lena leasaítear nó lena gceartaítear forálacha de chuid Rialacháin (AE) 2023/194 agus (AE) 2023/194 maidir leis an méid seo a leanas: (i) mangaigh i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES; (ii) tuinníní gorma san Aigéan Atlantach, lastoir de 45°I, agus sa Mheánmhuir; agus (iii) ceartú earráidí, ba cheart feidhm a bheith acu ón 1 Eanáir 2024, i gcomhréir le tréimhse chur i bhfeidhm na bhforálacha lena mbaineann. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh, ós rud é go gcuirtear le leibhéal nó limistéar chur i bhfeidhm na ndeiseanna iascaireachta nó na dteorainneacha feirmeoireachta.

(16) I bhfianaise na práinne atá le briseadh sna gníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú agus ceartúchán ar Rialachán (AE) 2024/257**

Leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 mar a leanas:

(1) In Airteagal 1(2), cuirtear an pointe (d) seo a leanas isteach:

‘

(d) na deiseanna iascaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2025 i Limistéar Choinbhinsiún NPFC.

’

(2) In Airteagal 4, cuirtear an pointe (ra) seo a leanas isteach:

‘

soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (IO L 28, 31.1.2023, lch. 1).

(ra) ciallaíonn ‘limistéar Choinbhinsiún NPFC (Coimisiún Iascaigh an Aigéin Chiúin Thuaidh)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh[38];

’

(3) Cuirtear an tAirteagal 12a seo a leanas isteach:

‘

*Airteagal 12 a*
*Bearta maidir le mangaigh i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES*

Beidh feidhm ag íosmhéid tagartha caomhnaithe 42 cm maidir le gabhálacha mangach i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES.

’

(4) In Airteagal 20(1), scriostar pointí (c) go (f).

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

‘

*Airteagal 27*
*Siorcanna*

I dteannta na dtoirmeasc a bhunaítear le hAirteagail 32 go 36 de Rialachán 2017/2107, toirmeascfar freisin tabhairt faoi iascaireacht spriocdhírithe ar speicis siorcanna súisteála den ghéineas *Alopias*.

’

(6) Cuirtear an Roinn 11a seo a leanas isteach:

‘

38 IO L 55, 28.2.2022, lch. 14. D’aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh trí bhíthin Chinneadh (AE) 2022/314 ón gComhairle an 15 Feabhra 2022 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (IO L 55, 28.2.2022, lch. 12).

## ROINN 11A
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN NPFC

*Airteagal 48a*
*Iascach ronnach Seapánach*

1. I gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún NPFC, tarchuirfidh na Ballstáit bhrataí na sonraí comhiomlánaithe seo a leanas chuig an gCoimisiún faoi na dátaí seo a leanas:

   (a) gabhálacha míosúla faoi na teorainneacha gabhála le haghaidh ronnaigh Sheapánacha (*Scomber japonicus*) le haghaidh Pháirtithe Conarthacha uile NPFC le haghaidh trálaer agus soithí peas-saighne faoi seach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IM i gcás ina bhfuil úsáid na dteorainneacha gabhála sin faoi bhun 60 %, faoin 7ú lá den mhí dar gcionn; agus

   (b) gabhálacha seachtainiúla ronnach Seapánach faoi na teorainneacha gabhála sin i gcás ina bhfuil úsáid na dteorainneacha gabhála sin os cionn 60 % agus faoi bhun 95 %, faoi Mháirt na seachtaine dár gcionn.

   Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur i dtoll a chéile agus a tharchur go pras chuig Rúnaí Feidhmiúcháin NPFC.

2. Laistigh de 2 lá ó dháta eisiúna na bhfógraí ó Rúnaíocht Feidhmiúcháin NPFC lena dtabharfar le fios gur bhain úsáid na dteorainneacha gabhála sin 95 % amach, dúnfaidh an Coimisiún na hiascaigh faoi na teorainneacha gabhála sin.

3. Déanfaidh an Coimisiún gabhálacha bliantúla ronnach Seapánach i limistéar Choinbhinsiún NPFC a chur i dtoll a chéile agus a tharchur chuig Rúnaíocht Feidhmiúcháin NPFC faoi dheireadh mhí Feabhra na bliana dár gcionn.

4. Beidh feidhm ag an Airteagal seo sa bhreis ar na hoibleagáidí tuairiscithe maidir le deiseanna iascaireachta a leagtar amach in Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[39].

*Airteagal 48b*
*Siorcanna i limistéar Choinbhinsiún NPFC a chosaint*

1. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún NPFC, ní dhéanfaidh siad iascaireacht ar shiorcanna ná ní dhéanfaidh siad iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír i limistéar Choinbhinsiún NPFC.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

---

[39] IO L 55, 28.2.2022, lch. 14. D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh trí bhíthin Chinneadh (AE) 2022/314 ón gComhairle an 15 Feabhra 2022 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh (IO L 55, 28.2.2022, lch. 12).

*Airteagal 48c*
*Éisc anadromacha i limistéar Choinbhinsiún NPFC a chosaint*

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht i limistéar Choinbhinsiún NPFC iascaireacht ar bhradáin *keta* (*Oncorhynchus keta*), bradáin *coho* (*Oncorhynchus kisutch*), bradáin bhándearga (*Oncorhynchus gorbuscha*), bradáin dhearga (*Oncorhynchus nerka*), ríbhradáin (*Oncorhynchus tshawytscha*), bradáin *masu* (*Oncorhynchus masou*) agus bric dhea-dhathacha (*Oncorhynchus mykiss*) ná ní dhéanfaidh siad iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

’

(7) In Airteagal 55(1), scriostar pointe (d).

(8) In Airteagal 59, cuirtear na pointí (aa), (ga), (ia) agus (ja)seo a leanas isteach:

‘

(aa) Beidh feidhm ag Airteagal 12a ón 1 Iúil 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024 nó go dtí an dáta a thiocfaidh gníomh tarmligthe i bhfeidhm a ghlacfar i gcomhréir le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/1241 agus lena leasaítear Iarscríbhinn VII, Cuid A, a ghabhann leis an Rialachán sin maidir leis an íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh mangach i ranna 8a, 8b, 8d agus 8e ICES, cibé acu is luaithe.

’

‘

(ga) Beidh feidhm ag Roinn 11a ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2025 nó go dtí an dáta a thiocfaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i bhfeidhm lena leagtar síos bearta is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Thuaidh, cibé acu is luaithe;

’

‘

(ia) In Iarscríbhinn IA, Cuid A, Tábla 17, beidh feidhm ag fonóta 1 ón 1 Iúil 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024;

’

‘

(ja) Beidh feidhm ag Iarscríbhinn IM ón 1 Meitheamh 2024 go dtí an 31 Bealtaine 2025;

’

(9) Leasaítear Iarscríbhinní IA, IB, ID, IK agus VI i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(10) Cuirtear Iarscríbhinn IM isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn I, pointe (16), a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Leasú agus ceartúchán ar Rialachán (AE) 2023/194**

Leasaítear agus ceartaítear Rialachán (AE) 2023/194 mar a leanas:

(1) In Airteagal 18(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (p):

‘

(p) speicis domhainfharraige a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid D, in uiscí an Aontais, uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí idirnáisiúnta sna limistéir seo a leanas de chuid ICES: 1; 2, seachas uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a; 5 go 10; 12; agus 14, agus limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2 CECAF. Ina theannta sin, in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe i roinn 2a agus folimistéar 4 ICES, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

’

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 55(1), pointe (k):

‘

(k) siorcanna domhainfharraige a liostaítear in Iarscríbhinn I, Cuid D, in uiscí an Aontais: i bhfolimistéir 6 go 10 ICES; agus i limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2 CECAF. Ina theannta sin, in uiscí an Aontais i bhfolimistéar 4 ICES, sna cásanna a shonraítear san Iarscríbhinn sin.

’

(3) Leasaítear agus ceartaítear Iarscríbhinn I, Cuid D, i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Nollaig 2023. Beidh feidhm ag Airteagal 2, mar sin féin, ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*